

Aistear Síolta

Treoir Chleachtais



Leabhrán eolais:
Punanna pearsanta foghlama a
chomhroinnt le tuismitheoirí
(Breith-3 bliana d'aois)

Naisc le hAistear agus le Síolta

Aistear

Treoirlínte don Dea-Chleachtas:

Comhpháirtíochtaí a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí (lgh. 74-79); Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an measúnú (lgh. 13-15)

Caighdeán Síolta

7: Curaclam, C7.5, 7.6

Achoimrí Taighde nasctha leis an *gCaighdeán thuas*.

Tugtar sa leabhrán seo smaointe agus moltaí maidir leis an gcaoi ar féidir **punanna pearsanta foghlama** leanaí a chur i dtoll a chéile agus a úsáid le taifead a choinneáil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí d'fhonn an méid sin a chur ar a súile dá dtuismitheoirí. Is féidir ceanglán fáinneach A4, leabhar gearrthóg, bosca, nó fillteán a úsáid le haghaidh na punainne féin. Is féidir le duine éigin, an leanbh féin más féidir, an phunann a phearsantú le grianghraf, le líníochtaí, nó le pictiúir le go bhféadfaidh gach aon leanbh a 'leabhar speisialta' féin a aithint. Insítear inti scéal aistear foghlama an linbh agus iad i do sheomra nó i do shuíomh — a gcuid suimeanna, iarrachtaí, dul chun cinn agus rudaí a bhain siad amach le himeacht ama, agus nasctar iad sin le téamaí, aidhmeanna, agus cuspóirí foghlama *Aistear*. Cabhróidh an taifead sin leat tacú le foghlaim agus le forbairt gach linbh agus pleanáil a dhéanamh ina leith.

Tús maith


Ag tús na bliana nó tráth a bhfreastalaíonn leanbh ar do shuíomh den chéad uair, cuir tuismitheoirí ar an eolas faoin bpunann phearsanta foghlama agus taispeáin dóibh an chaoi a n-úsáidtear í le taifead a choinneáil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an linbh. Tá **litir shamplach** ag deireadh an leabhráin eolais seo a fhéadfaidh tú a úsáid leis na tuismitheoirí. Cuir an litir sin in oiriúint do do shuíomh féin. Mar shampla, féadfaidh tú teideal eile a chur ar **phunanna pearsanta foghlama**. Más ea, úsáid an teideal sin sa litir.

Tá teimpléad ann freisin dar teideal *Breathnaigh ar a bhfuil déanta, ráite, agus foghlamtha ag do leanbh*, agus féadfaidh tú é sin a úsáid agus tú ag labhairt le tuismitheoirí. Cabhróidh an teimpléad sin leat béim a leagan ar shamplaí ar leith sa phunann agus iad sin a thaispeáint do thuismitheoirí, ag míniú dóibh conas a bhaineann siad le cuid téamaí *Aistear*. Seans gur mhaith leat an phunann phearsanta foghlama a sheoladh abhaile leis an leanbh agus na tuismitheoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i maisiú an chlúdaigh trí ghrianghraf agus ainm an linbh a chur leis. I gcás naíonán, féadfar lámhphrionta agus grianghraf a chur leis. Féadfaidh leanaí níos sine a rogha rud a dhéanamh lena bpunann phearsanta foghlama a dhéanamh níos speisialta. Le himeacht ama, féadfaidh tú tuismitheoirí a spreagadh chun nótaí tráchta a scríobh sa phunann faoi na nithe a rinne, a dúirt agus a d'fhoghlaim an leanbh.

Inneachar punann phearsanta foghlama

Féadfaidh rogha líníochtaí, pictiúr, agus saothair ealaíne eile, grianghraf, scéalta de chuid an linbh agus faoin leanbh, taifid foghlama, breathnóireachtaí agus nótaí cleachtóra, seicliostaí agus/nó taifid chúraim, de réir mar is cuí a bheith sa phunann. Mol do na leanaí roinnt de na rudaí a roghnú dá bpunann féin. Beidh siad bródúil as a gcuid foghlama agus forbartha dá bhri sin agus glacfaidh siad úinéireacht ar an bpróiseas. Bainfidh siad taitneamh as a bpunann a chomhroinnt lena dtuismitheoirí agus lena gcairde.





An phunann a chomhroinnt le tuismitheoirí

Ar an gcéad dul síos, tá seans ann go mbeidh ort a mhíniú do thuismitheoirí céard is *Aistear* ann. Féadfaidh tú na nótaí seo a leanas a úsáid mar threoir.

- Is é *Aistear creatchuraclam na luath-óige* atá dírithe ar gach leanbh in Éirinn. Úsáidtear inár suíomh é le tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí trí shúgradh, eispéiris phraiticiúla, scéalta, plé, agus a lán gníomhaíochtaí spraiúla, suimiúla nach iad.
- Úsáidtear **ceithre théama** in *Aistear* le cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí.
 - *Folláine agus Leas*
 - *Féiniúlacht agus Muintearas*
 - *Cumarsáid*
 - *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.
- Sa phunann seo, breathnóimid ar roinnt mhaith rudaí **atá do leanbh a fhoghlaim agus a fháil amach** de réir mar a bhíonn siad ag súgradh, ag labhairt, agus ag oibriú in éineacht liomsa, leis na baill foirne eile, agus le leanaí eile.

Is ceadmhach do leanaí a bpunann a thabhairt abhaile leo más mian leo agus/nó iad a chomhroinnt le tuismitheoirí nuair a bhítear á bhfágáil ag an suíomh nó á dtógáil uaidh. D'fhéadfá aird na dtuismitheoirí a dhíriú ar iontráil ar leith. Comhroinn an phunann (agus breathnóireachtaí agus ábhair eile a choinnítear sa chomhad rúnda) agus déan plé uirthi go rialta. Tabharfaidh sé seo deis do thuismitheoirí a fháil amach conas atá ag éirí lena leanbh, ceisteanna a chur, faisnéis a chomhroinnt, agus aon ábhair inní atá acu a chur in iúl. D'fhéadfadh an teimpléad *Breathnaigh ar a bhfuil déanta, ráite, agus foghlamtha ag do leanbh* a bheith úsáideach agus tú ag comhroinnt na punainne leis na tuismitheoirí. D'fhéadfá an teimpléad a úsáid uair sa téarma, b'fhéidir, chun an fhoghlaim agus an dul chun cinn a léiriú, agus chun taifead a choinneáil ar nótaí tráchta agus ar aiseolas ó thuismitheoirí.

Leideanna praiticiúla i dtaca le punanna a thiomsú

1. Cuir dáta le gach mír le go bhféadfar súil a choinneáil ar dhul chun cinn le himeacht ama.
2. Cuir nóta gairid le grianghraif agus le míreanna chun iad a mhíniú.
3. Breac síos a ndúirt an leanbh i bhfoscáibhinní. Cuirfidh sé sin níos mó brí sna hiontrálacha agus cabhróidh sé leat labhairt faoi imeachtaí, rudaí, agus eispéiris nuair a bheidh tú ag breathnú siar ar an bpunann in éineacht leis an leanbh agus nuair a chomhroinnfidh tú le tuismitheoirí í.
4. Cuir nótaí tráchta leis an bpunann le foghlaim agus le forbairt an linbh a nascadh le téamaí de chuid *Aistear*. Ní dhéantar taifead ach ar eolas dearfach sa phunann. Breactar síos aon ábhair inní faoi ghnéithe d'fhorbairt an linbh in áit éigin eile agus coinnítear faoi rún iad.

Punann Phearsanta Foghlama

Breathnaigh ar a bhfuil déanta, ráite, agus foghlamtha ag do leanbh

Aistear Síolta
Treoir Chleachtais

*An teimpléad **Breathnaigh ar a bhfuil déanta, ráite, agus foghlamtha ag do leanbh** a úsáid*

Roghnaigh roinnt samplaí ón bpunann phearsanta foghlama leis an dul chun cinn atá déanta ag leanbh a chur in iúl. Déan machnamh ar a gcuireann na grianghraif, taifid foghlama, breathnóireachtaí, agus focail an linbh féin in iúl faoina dhul chun cinn. Breac síos uimhir an leathanaigh sa phunann nó cuir síos ar an staróg. Nasc an fhoghlaím le ceann de théamaí *Aistear* agus déan achoimre ar ar fhoghlaím an leanbh de bharr an téama. Nuair a labhraíonn tú le tuismitheoirí, iarr orthu eispéiris a insint duit agus breac síos pointí tábhachtacha.





Seo a leanas roinnt samplaí den eolas a d'fhéadfadh a bheith taifeadta i bpunann phearsanta foghlama linbh. D'fhéadfá samplaí den sórt seo a chomhroinnt le tuismitheoirí. D'fhéadfadh nótaí tráchta nó athfhriotail an linbh a bheith scríofa ina bpunann agus d'fhéadfá cur leo sin lena mhíniú do thuismitheoirí céard a bhí ar bun ag an leanbh agus na rudaí is maith leo agus a bhfuil suim acu iontu. Ba chóir go dtabharfadh na samplaí seo uile léargas duitse agus do na tuismitheoirí ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an leanbh. Mar shampla, ba chóir go mbeadh difríocht shuntasach idir an méid is féidir le leanbh a dhéanamh i mí Mheán Fómhair agus ar féidir leis/léi a dhéanamh i mí an Mheithimh.

Samplaí ón bPunann Phearsanta Foghlama a úsáid le tuismitheoirí

Úsáid cóip amháin den teimpléad Breathnaigh ar a bhfuil déanta, ráite, agus foghlamtha ag do leanbh in aghaidh an linbh. Breathnaigh trína phunann agus roghnaigh roinnt samplaí ar leith. Breac síos uimhreacha na leathanach nó déan nóta gairid tráchta ar na samplaí. Úsáid peann aibhsithe nó marc eile leis na gnéithe d'fhoghlaim an linbh a cheapann tú atá le feiceáil a aibhsiú. Tá teimpléad comhlánaithe samplach sa leabhrán eolais seo.

Sampla d'iontráil phunainne.

An grianghraf agus an t-eispéireas a chomhroinnt le tuismitheoirí Max



Max (atá 14 mhí d'aois) ag comhroinnt an druma le Ethan. Bhí Max ag bualadh an druma agus theastaigh ó Ethan an druma a bhualadh chomh maith nuair a chuala sé é. Bhí meangadh mór gáire orthu agus iad ag bualadh an druma go hard!
16/03/2014

Tá Max ag foghlaim conas rudaí a roinnt agus réiteach le leanaí eile, ar scil shóisialta an-tábhachtach é

(Téama: **Folláine agus Leas agus Cumarsáid**).



Is breá le Max (atá 15 mí d'aois) a bheith ag dreapadh agus ag taiscéaladh. Ar an 23/04/2014 bhreathnaíomar air ag dreapadh ar an mbord, tar éis dó an chathaoir linbh a bhrú chun an bhoird. Bhí sé ag iarraidh teacht ar na bréagáin ar bhí ar an mbord. Lá eile chonaiceamar é á ionramháil féin suas ar an tseilf. Thóg sé tamall fada air, ach bhí sé daingean diongbháilte. 24/04/2014

Leanbh an-diongbháilte é Max. Bhí sé an-dírithe agus an-tiomanta. Léirigh sé a lán scileanna oll-luaileacha le dul suas ar an tseilf agus breathnaigh chomh dírithe is atá sé ar an tseilf os a chionn. Nuair a tháinig sé anuas bhí sé an-sásta leis féin agus dúirt sé *An-ard!*

(Téama: **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Féiniúlacht agus Muintearas**)



Ainm an
linbh

Max

Dáta

Mí Aibreáin, 2014

Cleachtóir

Mary

Téamaí Aistear	Rudaí ar tábhachtach iad a bheith ar eolas agus a bheith in ann iad a dhéanamh	Samplaí ón bpunann
<p>Folláine agus Leas Baineann sé sin le do leanbh a bheith muiníneach, sona sláintiúil.</p>	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Idirghníomhaíonn siad go maith le leanaí eile agus le daoine fásta. • Cuireann siad a gcuid mothúchán in iúl agus léiríonn meas ar an gcaoi a n-airíonn daoine eile. • Úsáideann siad roinnt mhaith scileanna oll-luaileacha agus mínluaileacha. • Tugann siad aire dá gcorp agus tuigeann an tábhacht atá le dea-bhia, sláinteachas agus aclaíocht. • Tá siad cruthaitheach caidéiseach agus is breá leo taiscéaladh agus rudaí a fháil amach. • Tugann siad aire don chomhshaol • Léiríonn siad neamhspleáchas a bhíonn ag méadú agus láimhseálann siad athruithe go maith. • Tá siad dearfach agus seiftiúil. 	<p>Max leis an druma 16/03/2014 (leathanach 13)</p> <p>Ag dreapadh ar an mbord agus ar an tseilf. 23/4/2014 agus 24/4/2014 (leathanach 16)</p>
<p>Féiniúlacht agus Muintearas Is éard atá i gceist leis sin braistint dhearfach a bheith ag leanaí ar cé hiad féin, tuiscint a bheith acu ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht, agus fios a bheith acu go bhfuil meas ag daoine orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal.</p>	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déanann siad a bhféiniúlacht a roinnt trí chur síos a dhéanamh ar a muintir, a bpeataí, a gcuid suimeanna, agus ócáidí speisialta teaghlaigh agus pobail. • Tuigeann siad na héagsúlachtaí atá ann i measc na leanaí sa ghrúpa agus léiríonn meas orthu sin. • Glacann siad páirt i ngnáthaimh agus in ócáidí ceiliúrtha. • Tuigeann siad na róil éagsúla atá ag daoine sa phobal. • Aithníonn siad an éagóir agus déanann iarracht í sin a shárú. • Tá siad comhoibríoch agus freagrach • Tuigeann siad an dul chun cinn atá á dhéanamh acu, agus is údar mór bróid dóibh é. • Baineann siad taitneamh as rudaí a fhoghlaim agus triaileann rudaí nua. 	<p>Dreapadóireacht (leathanach 16)</p>

Téamaí Aistear	Rudaí ar tábhachtach iad a bheith ar eolas agus a bheith in ann iad a dhéanamh	Samplaí ón bpunann
<p>Cumarsáid</p> <p>Is éard atá i gceist leis sin leanaí a gcuid eispéireas, smaointe, agus mothúchán a chomhroinnt go muiníneach agus go hinniúil ar roinnt bealaí agus chun críocha éagsúla.</p>	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Úsáideann siad cumarsáid neamhbhriathartha, amhail gothaí gnúise, comharthaí, agus breathnú sa tsúil, agus tuigeann í. • Glacann siad páirt i ndíospóireachtaí; úsáideann siad focail nua agus foghlaimíonn faoi na fuaimeanna agus na patrúin atá i bhfocail. • Cuireann siad eolas ar shuimeanna nua trí leabhair, an tIdirlíon, agus comhráite. • Baineann siad taitneamh as ‘scríbhneoireacht’ agus tuigeann go seasann marcanna/caisirníní/litreacha do rudaí eile. • Úsáideann siad uimhreacha, smaointe mata, agus focail sa súgradh agus i gcomhráite. • Baineann siad taitneamh as smaointe agus déanann iad a chomhroinnt trí amhránaíocht, damhsa, gníomhaíochtaí ealaíne, scéalaíocht, dánta, rainn, agus drámaíocht. • Tá siad samhlaíoch agus cruthaitheach. • Baineann siad triail as rudaí nua agus téann sa seans ar bhealach slán sábháilte. 	<p>Ag seinm an druma (leathanach 13)</p>
<p>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</p> <p>Is éard atá i gceist leis sin leanaí a bheith in ann ciall a bhaint as rudaí, áiteanna, agus daoine ina saol.</p>	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá siad ar an eolas faoin gcomhshaol agus baineann siad taitneamh as aire a thabhairt dó. • Léiríonn siad go dtuigeann siad smaointe mata, amhail am, cruth, spás, airde, airgead, agus méid. • Nascann siad ‘foghlaim nua’ le ‘seanfhoghlaim’ • Imríonn siad i gcomhar le daoine eile le taiscéaladh, rudaí a fháil amach, agus fadhbanna a réiteach. • Úsáideann siad marcanna/siombailí le rudaí a léiriú. • Úsáideann siad leabhair agus TFC le spraoi a bheith acu agus le rudaí a fháil amach. • Tá siad ag éirí níos neamhspleáiche agus níos muiníní, chun rudaí a dhéanamh as a stuaim féin. • Baineann siad ceart d’athruithe agus de dúshláin agus glacann páirt i réiteach fadhbanna. 	<p>Dreapadóireacht (leathanach 16)</p>

Tráchtanna, aiseolas, agus moltaí ó na tuismitheoirí:

Síniú an Tuismitheora:

Ainm an
linbh

Dáta

LL/MM/BB

Cleachtóir

Téamaí Aistear	Rudaí ar tábhachtach iad a bheith ar eolas agus a bheith in ann iad a dhéanamh	Samplaí ón bpunann
Folláine agus Leas Baineann sé sin le do leanbh a bheith muiníneach, sona sláintiúil.	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none">• Idirghníomhaíonn siad go maith le leanaí eile agus le daoine fásta.• Cuireann siad a gcuid mothúchán in iúl agus léiríonn meas ar an gcaoi a n-airíonn daoine eile.• Úsáideann siad roinnt mhaith scileanna oll-luaileacha agus mínluaileacha.• Tugann siad aire dá gcorp agus tuigeann siad an tábhacht a bhaineann le dea-bhia, sláinteachas, agus aclaíocht.• Tá siad cruthaitheach caidéiseach agus is breá leo a bheith ag taiscéaladh agus rudaí a fháil amach.• Tugann siad aire don chomhshaol• Léiríonn siad neamhspleáchas a bhíonn ag méadú agus pléann go maith le hathruithe.• Tá sé/sí dearfach agus seiftiúil.	
Féiniúlacht agus Muintearas Is éard atá i gceist leis sin braistint dhearfach a bheith ag leanaí ar cé hiad féin, tuiscint a bheith acu ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht, agus fios a bheith acu go bhfuil meas ag daoine orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal.	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none">• Déanann siad a bhféiniúlacht a chomhroinnt trí chur síos a dhéanamh ar a muintir, peataí, a gcuid suimeanna, agus ócáidí speisialta teaghlaigh agus pobail.• Tuigeann siad na héagsúlachtaí atá ann i measc na leanaí sa ghrúpa agus léiríonn meas orthu sin.• Glacann siad páirt i ngnáthaimh agus in ócáidí ceiliúrtha.• Tuigeann siad na róil éagsúla atá ag daoine sa phobal.• Aithníonn siad an éagóir agus déanann iarracht í sin a shárú.• Tá siad comhoibríoch agus freagrach• Tuigeann siad an dul chun cinn atá á dhéanamh acu, agus is údar mór bróid dóibh é.• Baineann siad taitneamh as rudaí a fhoghlaim agus triaileann rudaí nua.	

Téamaí Aistear	Rudaí ar tábhachtach iad a bheith ar eolas agus a bheith in ann iad a dhéanamh	Samplaí ón bpunann
<p>Cumarsáid Is éard atá i gceist leis sin leanaí a gcuid eispéireas, smaointe, agus mothúchán a chomhroinnt go muiníneach agus go hinniúil ar roinnt bealaí agus chun críocha éagsúla.</p>	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> Úsáideann siad cumarsáid neamhbhriathartha, amhail gothaí gnúise, comharthaí, agus breathnú sa tsúil, agus tuigeann siad í. Glacann siad páirt i ndíospóireachtaí; úsáideann siad focail nua agus foghlaimíonn faoi na fuaimeanna agus na patrúin atá i bhfocail. Cuireann siad eolas ar shuimeanna nua trí leabhair, an tIdirlíon, agus comhráite. Baineann siad taitneamh as ‘scríbhneoireacht’ agus tuigeann go seasann marcanna/caisirníní/litreacha do rudaí eile. Úsáideann siad uimhreacha, smaointe mata, agus focail sa súgradh agus i gcomhráite. Baineann siad taitneamh as smaointe agus déanann iad a chomhroinnt trí amhránaíocht, damhsa, gníomhaíochtaí ealaíne, scéalaíocht, dánta, rainn, agus drámaíocht. Tá siad samhlaíoch agus cruthaitheach. Baineann siad triail as rudaí nua agus téann sa seans ar bhealach slán sábháilte. 	
<p>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht Is éard atá i gceist leis sin leanaí a bheith in ann ciall a bhaint as rudaí, áiteanna, agus daoine ina saol.</p>	<p>Do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá siad ar an eolas faoin gcomhshaol agus baineann siad taitneamh as aire a thabhairt dó. Léiríonn siad go dtuigeann siad smaointe mata, amhail am, cruth, spás, airde, airgead, agus méid. Nascann siad ‘foghlaim nua’ le ‘seanfhoghlaim’ Imríonn siad i gcomhar le daoine eile le taiscéaladh, rudaí a fháil amach, agus fadhbanna a réiteach. Úsáideann siad marcanna/siombailí le rudaí a léiriú. Úsáideann siad leabhair agus an TFC le spraoi a bheith acu agus le rudaí a fháil amach. Tá siad ag éirí níos neamhspleáiche agus níos muiníní, chun rudaí a dhéanamh as a stuaím féin. Baineann siad ceart d’athruithe agus de dhúshláin agus glacann páirt i réiteach fadhbanna. 	

Tráchtanna, aiseolas, agus moltaí ó na tuismitheoirí:

Síniú an Tuismitheora:

Litir shamplach do thuismitheoirí a fhéadfar a chur in oiriúint do do shuíomh

A thuismitheoirí/a chaomhnóirí, a chairde,

Fáilte chuig [CUIR ISTEACH AINM AN tSUÍMH]. Tá súil againn go n-éireoidh go geal le bhur leanbh spraoi a bheith aige/aici agus roinnt mhaith rudaí nua a fhoghlaim inár suíomh.

Bainimid úsáid as **punanna pearsanta foghlama** (nó cuir isteach bhur dteideal féin) in [cuir isteach ainm an tsuímh]. Baileofar le chéile sa phunann sin rudaí atá tógtha ag bhur leanbh, tionscadail a raibh bhur leanbh páirteach iontu, turais a ndeachaigh siad orthu, agus a thuilleadh rudaí spráíúla, suimiúla nach iad a rinne bhur leanbh inár suíomh. Coinnímid an fhaisnéis rúnda **san oifig/sa chomhadchaibinéad** (cuir isteach an t-eolas ábhartha) agus beidh fáilte is fiche romhaibh súil a chaitheamh uirthi sin aon uair is mian libh. Léireoidh iomlán na dtaifead sin a mbeidh bainte amach agus foghlamtha ag bhur leanbh agus é/í inár gcuideachta anseo. Ós rud é go bhfuil ár gcuraclam bunaithe ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, déantar go leor nasc leis. Úsáidtear ceithre théama in *Aistear* le cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí:

- *Folláine agus Leas* - Bíonn leanaí muiníneach, sona sláintiúil.
- *Féiniúlacht agus Muintearas* - Bíonn leanaí sásta le cé hiad féin agus airíonn siad go léirítear grá agus meas orthu ina dteaghlach agus ina bpobal.
- *Cumarsáid* - Is iomaí bealach a chomhroinneann leanaí a gcuid smaointe, eispéireas, agus mothúchán.
- *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* - Baineann leanaí ciall as na rudaí, na háiteanna, agus na daoine mórtimpeall orthu agus tagann siad ar a smaointe féin faoin gcúis a bhfuil rudaí mar atá.

Táimid ag tnúth go mór le punann phearsanta foghlama (nó cuir isteach bhur dteideal féin) a chur le chéile i gcomhar libhse agus le bhur leanbh. Beidh fáilte romhaibh an phunann a thabhairt abhaile libh aon uair is mian libh le grianghraif, nótaí tráchta, nó aon cheo eile a chur léi. Tá súil againn go dtabharfaidh punann phearsanta foghlama bhur linbh (nó cuir isteach bhur dteideal féin) léargas daoibh ar a mbeidh déanta agus foghlamtha acu in [ainm an tsuímh] agus go gcuirfidh sí ina luí oraibh a thábhachtaí is atá an súgradh ina leith sin. Buailigí isteach le labhairt linn ag aon am le linn na bliana. Cuirimid fáilte roimh bhur gceisteanna, smaointe, agus moltaí.

Is mise, le meas,